Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2021
(OR. en)

12101/21
ADD 1

LIMITE

FISC 146
ECOFIN 868

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach<br>– Formheas<br>= Ráiteas ón Ostair, ón gCipir, ón Danmhairg agus ón nGréig |

**= Ráiteas ón Ostair, ón gCipir, ón Danmhairg agus ón nGréig**

Ionas nach gcuirfear uasdátú an liosta ina iomláine i gcontúirt agus chun na hathruithe dearfacha atá déanta i roinnt mhaith tríú tíortha a aithint, tá na conclúidí molta ón gComhairle glactha ag an Ostair, an Chipir, an Danmhairg agus an Ghréig. Síltear go ndéanfar dul chun cinn pras suntasach sa Tuirc, agus áiritheofar an méid sin le faireachán rialta ar an dul chun cinn teicniúil a bhaineann le malartú éifeachtach faisnéise ar chuntais airgeadais.

Dá réir sin, coinneofar súil ghéar ar an sprioc maidir le réiteach a fháil ar shaincheisteanna teicniúla atá fós gan socrú chun sonraí a mhalartú go héifeachtach a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2021.

Measann an Ostair, an Chipir, an Danmhairg agus an Ghréig go ndéanfaidh an Tuirc faisnéis ar chuntais airgeadais do na blianta fioscacha 2020 agus ar aghaidh a mhalartú go héifeachtach leis na Ballstáit uile i gcomhréir le CRS, agus ar an mbealach sin go gcomhlíonfaidh sí a hoibleagáid, mar a leagtar síos in CRS í, chun faisnéis ar chuntais airgeadais a mhalartú leis na comhpháirtithe leasmhara iomchuí go léir.